Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2025
(OR. en)

8850/25

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0058(COD)**

CODEC 583
ENV 326
PE 22

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | TOGRA LE hAGHAIDH TREOIR ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 92/43/CEE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le stádas cosanta an mhic tíre (Canis lupus)<br>- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 5 go dtí an 8 Bealtaine 2025) |

## I. RÉAMHRÁ

Tar éis do sheisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa formheas a dhéanamh ar an iarraidh ón gCoiste um an gComhshaol, um Aeráid agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) leanúint ar aghaidh i gcomhréir le Riail 170 (Nós imeachta práinneach) an 6 Bealtaine 2025, chuir grúpaí na Clé agus na nGlasach/SCE dhá leasú síos.

An 16 Aibreán 2025, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe, dá bhformheasfadh Parlaimint na hEorpa an togra thuasluaite ón gCoimisiún gan aon leasú a dhéanamh air, go bhformheasfadh an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa.

## II. VÓTÁIL

Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 8 Bealtaine 2025 tríd an togra ón gCoimisiún a ghlacadh ar láimh agus trí dhiúltú do na leasuithe uile a cuireadh síos. Tá an seasamh sin le fáil sa rún reachtach uaithi.

Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é, a fhormheas agus, ar an gcaoi sin, an chéad léamh a thabhairt chun críche don dá Institiúid.

D'fhéadfaí an gníomh reachtach a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ó Pharlaimint na hEorpa.

**IARSCRÍBHINN**
**(8/5/2025)**

# P10_TA(2025)0100

## Stádas cosanta an mhic tíre (Canis lupus)

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Bealtaine 2025 ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 92/43/CEE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le stádas cosanta an mhic tíre (Canis lupus) (COM(2025)0106 – C10-0044/2025 – 2025/0058(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0106),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 192(1)) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0044/2025),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 30 Aibreán 2025[1],

– tar éis di dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

– ag féachaint do Rialacha 60 agus 170 dá Rialacha Nós Imeachta,

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig na gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

[1] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

**P10_TC1-COD(2025)0058**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 8 Bealtaine 2025 chun go nglacfaí Treoir (AE) 2025/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 92/43/CEE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le stádas cosanta an mhic tíre *(Canis lupus)***

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a tharchur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

1 Tuairim an 30 Aibreán 2025 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
2 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Bealtaine 2025.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ar na cúiseanna a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2024/2669 ón gComhairle[3], chuir an tAontas togra faoi bhráid Bhuanchoiste an Choinbhinsiúin maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa[4] (Coinbhinsiún Bheirn) chun stádas cosanta speiceas an mhic tíre a athrú faoin gCoinbhinsiún sin. Ag an 44ú cruinniú a bhí ag an mBuanchoiste an 6 Nollaig 2024, d'fhormheas sé an togra ón Aontas chun an mac tíre (*Canis lupus*) a aistriú ó Fhoscríbhinn II (Speicis fána faoi dhianchosaint) a ghabhann le Coinbhinsiún Bheirn go Foscríbhinn III (Speicis fána faoi chosaint) a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin (cinneadh an Bhuanchoiste).

(2) I gcomhréir le hAirteagal 17(3) de Choinbhinsiún Bheirn, tháinig an t-athrú ar stádas cosanta an mhic tíre i bhfeidhm an 7 Márta 2025.

(3) Is príomhionstraim í Treoir 92/43/CEE ón gComhairle[5] chun an dúlra a chaomhnú san Aontas, go háirithe i bhfianaise oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais faoi Choinbhinsiún Bheirn. Chun go ndéanfaí an t-athrú ar stádas cosanta an mhic tíre faoi Choinbhinsiún Bheirn a thrasuí i gcreat dlíthiúil an Aontais, ba cheart cinneadh an Bhuanchoiste a léiriú i dTreoir 92/43/CEE.

---

3 Cinneadh (AE) 2024/2669 ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 2024 maidir le togra a thíolacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, chun Foscríbhinní II agus III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le caomhnú fhiadhúlra agus ghnáthóga nádúrtha na hEorpa a leasú agus maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontas, ag an 44ú cruinniú a bheidh ag Buanchoiste an Choinbhinsiúin sin (IO L, 2024/2669, 10.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2669/oj).

4 An Coinbhinsiún maidir le caomhnú fhiadhúlra agus ghnáthóga nádúrtha na hEorpa (IO L 38, 10.2.1982, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/1982/72/oj).

5 Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj).

(4) Chun cinneadh an Bhuanchoiste a thrasuí, ba cheart an iontráil don mhac tíre a scriosadh ó Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 92/43/CEE agus a choigeartú in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir sin, rud a chuirfeadh an mac tíre faoi réir na cosanta dá bhforáiltear in Airteagal 14 de Threoir 92/43/CEE.

(5) Is é is aidhm do Threoir 92/43/CEE rannchuidiú le háirithiú na bithéagsúlachta trí ghnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú i gcríoch Eorpach na mBallstát a bhfuil feidhm ag an gConradh maidir léi.

(6) Le Treoir 92/43/CEE, mar ionstraim i réimse an chomhshaoil, ceadaítear do na Ballstáit bearta cosanta níos déine a choinneáil ar bun nó a thabhairt isteach fad is atá siad ag luí leis na Conarthaí, mar a fhoráiltear in Airteagal 193 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, chun críocha Threoir 92/43/CEE, tá sé de shaoirse i gcónaí ag na Ballstáit, d'ainneoin an leasaithe a thugtar isteach leis an Treoir seo, stádas cosanta an mhic tíre a choinneáil ar an leibhéal cosanta a thugtar do speicis fána faoi dhianchosaint.

(7) Ós rud é nach féidir cuspóir na Treorach seo a ghnóthú ach ar leibhéal an Aontais, toisc go gceanglaítear leis gníomh dlí de chuid an Aontais atá ann cheana a leasú, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 92/43/CEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Treoir 92/43/CEE mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn IV, pointe (a), 'Ainmhithe', scriostar an iontráil don speiceas *Canis lupus*;

(2) in Iarscríbhinn V, pointe (a), 'Ainmhithe', cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála don speiceas *Canis lupus*:

'*Canis lupus*'.

Airteagal 2

1. Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha reachtaíochta is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin … [18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin láithreach.

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairt den sórt sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna déanamh i/in/sa …,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*

*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*